# Caibidil a Trí Déag
# Conclúidí agus Moltaí ar Dhíolachán Faoi Chostas

## 13.1 Réamhrá

Thángamar ar an gconclúid i gCaibidil a Seacht gur chóir Airteagail 11, 12 agus 13 d'Ordú 1987 a aisghairm ina iomlán.

D'uireasa na bhforálacha sin leanfar leis an gcosc ar phraghsáil chreiche le hAlt 5 den Acht Iomaíochta, 2002.

Mar sin féin, bhíomar den tuairim freisin i gCaibidil a Seacht, nach gcuireann Acht 2002 cosc ar an gcleachtas díolachán leanúnach faoi chostas ar tháirgí grósaera, nuair a fheidhmítear é ar bhealach nach gcomhlíonann an sainmhíniú a bhaineann le praghsáil chreiche.

D'fhéadfadh cleachtas den sórt sin gníomhú in aghaidh leas an phobail más ionann an éifeacht a bheidh aige, nó is dóigh a bheidh aige, ná athrú ar struchtúr an mhargaidh agus mar thoradh air sin go mbeidh rogha níos lú ag tomhaltóirí.

Ardaíonn sé sin ansin an cheist cibé an bhfuil sé riachtanach nó nach bhfuil forálacha Acht Iomaíochta 2002 a neartú mar bhealach chun cosc a chur ar uaireanta a dtarlaíonn cleachtais den sórt sin.

## 13.2 Ag Cur Cosc ar Dhíolachán Leanúnach Faoi Chostas

Níl an deacracht a bhaineann le sásra rialála cuí a aithint chun tabhairt faoi chleachtais den sórt sin nua agus léirítear é sa mhéid a fuair Coimisiún Iomaíochta na RA amach i dtuarascáil i 2000 i ndáil leis na beartais:

> *"…require monitoring and intervention that would be disproportionate to the adverse effects they were designed to remedy. Therefore we make no recommendations for remedial action."*

Ní chreidimid go bhfuil an cás cruthaithe gur dóigh go dtiocfaidh cásanna díolachán leanúnach faoi chostas chun cinn chomh mór sin agus ar bhealach a dhéanfaidh an oiread dochair do leas an phobail agus go mbeimís in ann beartais rialála a thabhairt isteach thar an gcosc ar mhí-úsáid ceannasaíochta atá cheana féin in Alt 5 d'Acht Iomaíochta 2002

Ag teacht le torthaí áit éigin eile sa Tuarascáil seo, creidimid go gcuirfidh aon bheartais rialála a bheadh leagtha amach chun cosc a chur ar chásanna de dhíolachán leanúnach faoi chostas isteach go mór ar shaoirse trádála agus

nach bhféadfaí ciall a bhaint as ach amháin trí léiriú gan choinníoll go ndéanfaí dochar mór d'iomaíocht nó do thomhaltóirí dá n-uireasa.

Tá imní mhór orainn go háirithe faoin gcontúirt mhór atá ann go dteipfidh ar aon bheartas rialála idirdhealú cuí a dhéanamh idir cleachtais den sórt sin agus cleachtais phraghsála for-iomaíocha, bríomhara a bhíonn ar mhaithe le tomhaltóirí.

Le bheith cothrom faoi, is é ár dtuairim é go ndéanfadh sé sin níos mó dochair do leas an phobail ná an bhagairt a bhaineann le díolachán leanúnach faoi chostas (treoir-chaillteanas) sa trádáil grósaera.

Níl ciall ar bith dar linn leis an imní atá ann má chuirtear deireadh leis an Ordú Grósaera go dtiocfaidh hipearmargaí móra chun cinn agus go gcuirfidh siad an miondíoltóir beag neamhspleách amach as gnó, agus creidimid nach bhfuil dóthain muiníne ag daoine i gcad atá i gceist leis an Ordú agus i scóip an Ordaithe. Ní chuireann an cosc ar dhíolachán faoi nglan-phraghas ar an sonrasc cosc ar slabhraí ollmhargaí iolracha stórtha móra a oscailt. Cuireann sé cosc orthu táirgí a dhíol faoi íosphraghas sainiúil agus sin é an méid.

Is feidhm de chuid an phróisis pleanála é teorainn a chur le méad na siopaí miondíola aonair. Faighimid amach é sin leis an taighde ar Thuarascálacha faoi Bhaile Bocht na Breataine sa RA, áit a mbreithnítear treoirlínte pleanála áitiúla mar ghné thábhachtach chun stop a chur leis an meath a líomhnaítear atá ag teacht ar phobail áitiúla.

## 13.3 Moltaí

Mar sin déanaimid na moltaí seo a leanas:

1. Molaimid nach ndéanfaí aon leasuithe ar an Acht Iomaíochta mar thoradh ar aisghairm Airteagail 11, 12 agus 13 d'Ordú 1987.

2. Molaimid freisin go n-iarrfaí ar an Údarás Iomaíochta, le cúnamh ón Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí, athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar struchtúr agus ar fheidhmiú na trádála grósaera ar bhonn leanúnach thar na chéad chúpla bliain eile chun an tionchar a bheidh ag an timpeallacht rialála nua a mheas. Féadfar scóip agus méid cláir den sórt sin a chomhaontú idir an tÚdarás agus ionadaithe na trádála ag tráth níos déanaí.

3. Ba chóir d'Aonad Monatóireachta laistigh den Údarás tabhairt faoi chlár den sórt sin agus cuirfear acmhainní ar fáil don chlár mar is cuí don obair a bheidh ar siúl.

4. Tugaimid aitheantas freisin don imní atá ar ghrúpaí comhraic bochtaine (féach Caibidil a hAon Déag) lena chinntiú go mbeidh rochtain ag codanna den phobal nach bhfuil chomh maith sin as ar bhia sláintiúil agus cothaitheach. Ní chreidimid go mbeidh an tOrdú um Earraí

Grósaera ábalta a leithéid de thoradh a chinntiú agus ní freagra cothrom é ach an oiread ar an imní sin.

5. Mar sin féin, aithnímid go bhfuil ciall le cuspóir na n-eagraíochtaí agus molaimid go n-iarrfaí ar an Údarás Iomaíochta le linn dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr agus ar fheidhmiú na trádála grósaera tuairim a thabhairt agus moltaí a dhéanamh maidir le rochtain a bheith ag gach grúpa sa tsochaí ar raon táirgí grósaera a bheidh chomh leathan agus is féidir.

6. Tarraingimid aird chomh maith ar mholtaí an Ghrúpa Idir-rannach Ardleibhéal maidir le Feidhmiú Mholtaí an Ghrúpa Straitéise Tomhaltóirí i ndáil leis an bpróiseas pleanála. (féach Aguisín a Dó Dhéag)

7. Molaimid go háirithe go bhfeidhmeodh na treoirlínte agus an próiseas pleanála ar bhealach a chinnteodh go mbeadh meascán cuí de mhionfhorbairt agus forbairt miondíola mór ar fud na tíre ar fad chun rogha tomhaltóirí a spreagadh sa timpeallacht siopadóireachta is fearr leo.

8. Ba chóir agóidí in aghaidh forbairt miondíola nua a bheith bunaithe ar dheaphrionsabail pleanála agus níor chóir deis a thabhairt do leasa dílsithe an próiseas a úsáid chun cosc a chur ar iomaíocht a theacht chun cinn, rud a dhéanfadh dochar do leasa tomhaltóirí.